C/2025/3669

17.7.2025

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2025/3669)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír, nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Tá an tsonraíocht táirge dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ar fáil i gclár an Aontais um thásca geografacha.

DOICIMÉAD AONAIR

‘Bursa Kestane Şekeri’

Uimh. AE: PGI-TR-02808 — 22.10.2021

ATFC ( ) TGFC (x)

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Bursa Kestane Şekeri

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

an Tuirc

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 2.3. Arán, taosrán, cácaí, milseogra, brioscaí agus táirgí eile báicéirí

Cód ainmníochta comhcheangailte

— 1905 - Arán, taosrán, cácaí, brioscaí agus earraí eile báicéirí, bíodh cócó iontu nó ná bíodh; abhlanna, capsúil fholmha de chineál atá oiriúnach d’úsáid chógaisíochta, sliseoga séalaithe, rísphàipéar agus táirgí comhchosúla

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is milseogra é ‘Bursa Kestane Şekeri’ a dhéantar trí chraiceann na dtorthaí castán a bhaint agus iad a chócaráil i síoróip.Is dath ómra agus scothbhuí a bhíonn ar ‘Bursa Kestane Şekeri’. Níor cheart dath ródhorcha a bheith air ná é a bheith caramalaithe.Féadfar ‘Bursa Kestane Şekeri’ a chur ar an margadh i gceithre mhéid de réir mheáchan na dtorthaí:beag 8-10 g, meánach 10-14 g, mór 14-20 g, an-mhór 22 g agus níos troime.Is féidir é a phacáistiú le síoróip nó gan síoróip.Úsáidtear castáin ag a bhfuil cóimheas blaosc sheachtrach 25 % nó níos lú de réir meáchain.Ní mór an cóimheas torthaí in ‘Bursa Kestane Şekeri’ atá pacáistithe gan síoróip a bheith 63-71 % ar a laghad agus ní mór an cóimheas torthaí in ‘Bursa Kestane Şekeri’ atá pacáistithe le síoróip a bheith 60 % ar a laghad.Bíonn luach pH ‘Bursa Kestane Şekeri’ idir 5 agus 5,8.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:L_202401143).

Ba cheart dath an uachtair a bheith ar chastáin a úsáidtear le haghaidh 'Bursa Kestane Şekeri'. Níor cheart blas na gcastán a úsáidtear le haghaidh 'Bursa Kestane Şekeri' a bheith géar, scothghéar ná searbh. Níor cheart blas géar, searbh, miotalach ná ródhóite ná blas géire a bheith ar 'Bursa Kestane Şekeri'. D'fhéadfadh blas milsithe, caramail mhín, meala, uachtair ime, adhmadach, caife rósta agus fanaile siúcraithe a bheith ar 'Bursa Kestane Şekeri'.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Comhábhair 'Bursa Kestane Şekeri':

Castán: Beidh sé éasca an craiceann a bhaint díobh agus beidh blaosc thanaí orthu. Ní mór an cóimheas idir an bhlaosc sheachtrach agus an toradh a bheith 25 % de réir meáchain nó faoina bhun. Níor cheart dath na blaoisce torthaí a bheith ródhorcha. Ní úsáidfear castáin atá feoite, péisteach, sioc-dhóite nó dorcha, ná iad siúd atá neamhoiriúnach don chalabrú. Tá castáin idir 4 agus 7 g beag, tá na cinn idir 7 agus 10 g meánach, tá na cinn idir 10 agus 15 g mór, agus tá na cinn 15 g agus níos troime an-mhór. Tá castáin ar mhéid oiriúnach le haghaidh 'Bursa Kestane Şekeri' meánmhéide agus mór. Déantar meastóireacht ar chastáin a bhristear le linn an táirgthe freisin agus iad a phacáistiú ar leithligh mar chastáin bhriste.

Siúcra: Úsáidtear siúcra criostalta bán (siúcrós).

Uisce: Úsáidtear uisce próisis (uisce íonaithe, bogtha agus cóireáilte le hultraivialait).

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim den táirgeadh (an craiceann a bhaint, an bhlaosc a bhaint, sórtáil de réir méide, grádú, fiuchadh, síoróip a ullmhú agus cócaireacht i síoróip) a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Lipéid ar a bhfuil na focail 'Tásc Geografach faoi Chosaint' agus 'Bursa Kestane Şekeri' a ghreamú ar thaobh infheicthe na pacáistíochta.

Ní mór na castáin chriostalaithe a shainaithint ar an lipéad mar chastáin bheaga idir 8 g agus 10 g, castáin mheánacha idir 10 g agus 14 g, castáin mhóra idir 14 g agus 20 g agus castáin an-mhór ag 22 g agus níos troime agus an fhaisnéis sin a léiriú ar an bpacáiste.

Ní mór a shainaithint ar an lipéad cé acu leagan de 'Bursa Kestane Şekeri' atá ann (le síoróip nó gan síoróip).

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá an limistéar geografach chun 'Bursa Kestane Şekeri' a tháirgeadh/a phróiseáil teoranta do chúige Bursa atá suite i ndeisceart réigiún Marmara na Tuirce.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc idir 'Bursa Kestane Şekeri' agus a limistéar geografach bunaithe ar cháil an táirge agus ar na scileanna táirgthe is gá le haghaidh 'Bursa Kestane Şekeri' freisin.

Is milseogra é 'Bursa Kestane Şekeri' a dhéantar trí chraiceann na dtorthaí castán a bhaint agus iad a chócaráil i síoróip. Is dath ómra agus scothbhuí a bhíonn ar 'Bursa Kestane Şekeri'. Níor cheart dath ródhorcha a bheith air ná é a bheith caramalaithe. Dá bhrí sin, tá scileanna máistreachta ag teastáil chun é a chócaráil i síoróip. Sealbhaítear na scileanna sin tar éis leibhéal áirithe taithí a bhaint amach faoi fhaire mháistir. Aistríodh na scileanna táirgthe ó ghlúin amháin go dtí an chéad ghlúin eile bunaithe ar chaidrimh idir máistrí agus printíseachtaí.

Tá doiciméid ann a théann siar go dtí an 15ú céad de thaifid Ioslamacha ina léirítear gurb ann do dhéanamh 'Bursa Kestane Şekeri' (níor úsáideadh ach castáin chriostalaithe an tráth sin) i bpálás na nOtamánach ('Nótaí faoi mhilseáin agus milsíneoirí phálás na nOtamánach' le Zeynel Özlü, Bliain 2011, Eagrán58, 171 - 190, 8.6.2011).

Ó bhí tús na 1900idí ann in Bursa, tosaíodh 'Bursa Kestane Şekeri' a tháirgeadh sa Bhasár cáiliúil Şekerciler. Is eol ó fhoinsí i scríbhinn gur sheol Ulus Patisserie 'Bursa Kestane Şekeri' chuig Mustafa Kemal Atatürk, bunaitheoir Phoblacht na Tuirce, in 1928, agus gur thug na toscaireachtaí ó Ankara go Bursa an tráth sin 'Bursa Kestane Şekeri' leo ar fhilleadh dóibh.

In 'Foclóir Chócaireacht na nOtamánach (Eagrán 2010)' arna ullmhú ag Priscilla Mary Işın, luaitear an nath 'Bursa Kestane Şekeri' ar leathanach 208: 'Maidir le "Bursa Kestane Şekeri", na castáin a mbaintear a mblaosc sheachtrach agus a mblaosc inmheánach bainte díobh, déantar iad a bhruith i síoróip arís agus arís chun an siúcra a ionsú. Is é castán Bursa an cineál is oiriúnaí do Bursa Kestane Şekeri.'

Mar gheall ar an bhforbairt a rinneadh ar an gceardaíocht mhilseogra in Bursa, tá an táirge 'Bursa Kestane Şekeri' a dhéanamh le blianta fada anuas.

Is é Bursa lárionad táirgthe 'Bursa Kestane Şekeri' le blianta fada anuas agus téann stair an táirge siar go dtí an chianaois. Tá áit thábhachtach ag 'Bursa Kestane Şekeri' sa chultúr cócaireachta, sna cleachtais thraidisiúnta agus sna deasghnátha a dhéantar sa saol laethúil in Bursa. Tairgtear 'Bursa Kestane Şekeri' d'aíonna ar ócáidí agus cuairteanna speisialta, ós rud é gur milseog torthaí éadrom, bhlasta agus an-luachmhar é. Nuair a bhíonn daoine ag taisteal go dtí áit eile ó Bursa, is é 'Bursa Kestane Şekeri' an chéad rud a chuimhníonn siad air agus is fearr aithne air mar bhlas a thugann Bursa chun cuimhne. Seasann 'Bursa Kestane Şekeri' amach mar tháirge branda Bursa sna leabhair, sna hailt, sa taighde agus sna staidéir dhoiciméadacha uile a ullmhaíodh faoi chócaireacht Bursa. Maidir le híomhánna agus doiciméid scríofa faoi 'Bursa Kestane Şekeri' a fuarthas ó thaighde allamuigh ar an gcultúr pobal in Bursa a rinne an Aireacht Chultúir agus Turasóireachta agus Stiúrthóireacht Chúige an Chultúir agus na Turasóireachta, rinneadh iad a thaifeadadh in ainm Bursa i Lárionad Faisnéise agus Doiciméad an Chultúir Phobail (Cartlann an Chultúir Phobail) a bunaíodh faoin Aireacht Chultúir agus Turasóireachta, Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus an Oideachais. Ar an gcúis sin, tá nasc clú ag 'Bursa Kestane Şekeri' leis an limistéar geografach. Déantar gach céim táirgthe de 'Bursa Kestane Şekeri', a bhfuil nasc clú aige le cúige Bursa, laistigh den limistéar geografach sainithe.

Cuireadh tús le táirgeadh 'Bursa Kestane Şekeri' le castáin a fásadh in Bursa. Bhí na castáin a fhástar in Bursa ina n-ábhar do shaothair taistealaithe agus staraithe i ngach tréimhse den stair. Baineadh úsáid fhorleathan as na castáin in ullmhúcháin bhia gheimhridh, bia sráide, béilí laethúla, béilí ócáide speisialta agus milseoga i gcultúr bia Bursa ón am a chuaigh thart go dtí an lá atá inniu ann.

Luaitear castán Bursa freisin i bhfoinsí éagsúla. Tugtar tuairisc ar mhéid agus ar bhlas castán a fhástar i Sliabh Bursa Uludağ i leabhair taistil taistealaithe amhail Ibn-i Batuta (14ú céad) agus Evliya Çelebi (17ú céad). I leabhar dar teideal 'Evliya Çelebi Seyahatnamesi'nde Yemek Kültürü' le Marianna Yerasimos, (eagrán 2011, leathanach 196), luaitear 'de réir Evliya Çelebi, níl daichead cineál piorraí, fíonchaora súmhara, aibreoga, silíní agus castáin mhóra Bursa a bhfuil daichead *dirham* (125 g) meacháin iontu le fáil in aon áit eile ar domhan, agus go ndearnadh ceibeab spéisiúil as an gcastán sin freisin.'

Luaitear méid agus blas na gcastán a fhástar in Bursa i leabhar dar teideal *Osmanlı'dan Cumhuriyete Bursa Mutfağı-Cennet Sofrası* le Ahmet Gedik agus Zedal Kondakçi (leathanach 5). Luaitear freisin gurb é castán Bursa is ábhar do théacsanna imeartha Karagöz-Hacivat (eagrán 2019, leathanach 10).

San am a chuaigh thart, fuarthas na castáin uile a úsáideadh i dtáirgeadh 'Bursa Kestane Şekeri' ón limistéar geografach. Mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar an éileamh, áfach, úsáidtear castáin ag a bhfuil na saintréithe a shonraítear san iarratas agus a fhástar lasmuigh de Bursa freisin.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

Ríomh-Fheasachán Oifigiúil Oifig Paitinne agus Trádmharcanna na Tuirce, Uimh. 652 de chuid 1.2.2021, lch. 36.